# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## An Ardteistiméireacht 2022

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Gnó

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Scéim Mharcála agus Freagraí a mBeifí ag Súil leo le húsáid leis an Scéim Mharcála.

Agus an scéim mharcála á meas, is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh.

- a freagraí ionchais a chuirtear i láthair eisiach. Féadfar marcanna a dhámhachtain as aon fhreagraí cearta eile.

- I gcuid mhaith cásanna sna freagraí a mbeifí ag súil leo, d'fhéadfadh sé go mbeadh eochairfhrásaí a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé nó sí na marcanna sannta.

- Déantar pointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus a chúiteamh de réir fiúntais.

- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Is féidir, mar sin, go n-athróidh riachtanais ó bhliain go bliain.

  Tá eolas sa tábla thíos maidir leis na nótaí mínithe a úsáidtear don mharcáil sa scéim mharcála.

| **Nóta Mínithe** | **Úsáid** | **Marcanna (más iomchuí)** |
|---|---|---|
| ✓1 | Faisnéis bhailí | 1 |
| ✓2 | Faisnéis bhailí | 2 |
| ✓3 | Faisnéis bhailí | 3 |
| ✓4 | Faisnéis bhailí | 4 |
| ✓5 | Faisnéis bhailí | 5 |
| ✓6 | Faisnéis bhailí | 6 |
| ✓7 | Faisnéis bhailí | 7 |
| ✓8 | Faisnéis bhailí | 8 |
| ✓9 | Faisnéis bhailí | 9 |
| ✓10 | Faisnéis bhailí | 10 |
| ✓11 | Faisnéis bhailí | 11 |
| **0** | Freagra mícheart | 0 |
|  | Leathanach feicthe ag an scrúdaitheoir / faisnéis neamhbhailí | N/B |

# STAIDÉAR GNÓ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA GNÁTHLEIBHÉAL 2022

# SCÉIM MHARCÁLA

**Roinn 1 75 mharc**

Freagair 5 cheist – 15 mharc ag gabháil le gach ceist

| ANSWER | SCÉIM MHARCÁLA | MARCANNA SAN IOMLÁN |
|---|---|---|
| 1 | 1ú téarma 5m (2m + 2m + 1m)<br>2ú téarma 5m (2m + 2m + 1m)<br>3ú téarma 5m (2m + 2m + 1m) | 15 |
| 2 | **Trí** théarma: 5m + 5m + 5m | 15 |
| 3 | **Ceithre** mhír fágtha bán: 4m + 4m + 4m + 3m | 15 |
| 4 | **Ceithre** tic: 4m + 4m + 4m + 3m | 15 |
| 5 | **Ceithre** mhír fágtha bán: 4m + 4m + 4m + 3m | 15 |
| 6 | **Dhá I**nstitiúid: 8m + 7m | 15 |
| 7 | **Ceithre** rogha: 4m + 4m + 4m + 3m | 15 |
| 8 | **Dhá** théarma: 8m + 7m | 15 |
| 9 | **Dhá** mhíniú: 8m + 7m | 15 |
| 10 | An Fhoirmle: 4m<br>Ríomh: 6m<br>Freagra: 5m | 15 |
| 11 | **Trí** théarma: 5m + 5m + 5m | 15 |
| 12 | **Ceithre** iontráil: 4m + 4m + 4m + 3m | 15 |
| 13 | **Trí** ghné: 5m + 5m + 5m | 15 |
| 14 | **Trí** mhodh: 5m + 5m + 5m | 15 |
| 15 | **Cúig** fhreagra: @3m an ceann | 15 |

## ROINN 2 -225 MHARC

## CUID 1

**Ceist 1.**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Dlíthe Tomhaltais : | 2m + 2m + 2m + 2m +2m | 10 |
| **(B)** | **Dhá** fhoráil | 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(C)** | **Dhá** thairbhe | 10 marc (7m + 3m)<br>5 marc (4m + 1m) | 15 |
| **(D)** | **Trí** bhonn**:** | @ 5 mharc an ceann (4m + 1m) | 15 |
| **(E)** | **(i) Trí** chúis**:**<br><br>(**ii) Aon** chineál amháin | **2** @ 6 mharc an ceann (4m + 2m)<br>**1** @ 3 mharc (2m + 1m)<br>5 mharc (4m + 1m) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **75** |

**Ceist 2**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | **Miniú:**<br>**Aon** tionchar amháin: | 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(B)** | **Dhá** thionchar: | 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(C)** | **Dhá** bhealach: | 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(D)** | **Dhá** bhealach: | 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(E)** | **Dhá** thairbhe | 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **75** |

**Ceist 3**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | **Míniúchán:**<br>**Sampla:** | 6 mharc (3m + 3m)<br>4 mharc | 10 |
| **(B)** | **Dhá** chúis: | 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(C)** | **An Fhoirmle:**<br>**Ríomh:**<br>**Barrachas:** | 2m<br>2m + 2m + 2m + 2m<br>5 mharc | 15 |
| **(D)** | **Dhá** dhúshlán**:** | 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(E)** | **Trí** thairbhe: | 7 marc (4m + 3m)<br>7 marc (4m + 3m)<br>6 mharc (4m + 2m) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **75** |

**Ceist 4**

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **(i) Míniú:** 5 mharc (3m + 2m)<br>**(ii) Aon** tionchar amháin ar **dhá** cheann de na páirtithe leasmhara: 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 20 |
| **(B)** | **Ról:** 10 marc (5m + 5m)<br>**Sampla**: 5 mharc | 15 |
| **(C)** | **Trí** mhíniú: 5 mharc (3m + 2m)<br>5 mharc (3m + 2m)<br>5 mharc (3m + 2m) | 15 |
| **(D)** | **Dhá** mhodh: 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(E)** | **Aon** fheidhm amháin: 10 marc (5m + 5m) | 10 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | **75** |

## CUID 2

**Ceist 5**

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **Trí** shaintréith/ scileanna: @ 5m an ceann (3m + 2m) | 15 |
| **(B)** | **Dhá** riosca: @ 5m an ceann (3m + 2m)<br>**Dhá** luach saothair: @ 5m an ceann (3m + 2m) | 20 |
| **(C)** | **Dhá** chúis: 10 marc (7m + 3m)<br>5 marc (4m + 1m) | 15 |
| **(D)** | **Dhá** shochar: 10 marc (7m + 3m)<br>5 marc (4m + 1m) | 15 |
| **(E)** | **Dhá** bhuntáiste: @ 5m an ceann (3m + 2m) | 10 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | **75** |

**Ceist 6**

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **(i)** Tabhair míniú ar **dhá** fhoinse: @ 7m an ceann (4m + 3m)<br>**(ii) Aon** bhuntáiste amháin a bhaineann le gach ceann: 2 @ 3m an ceann | 20 |
| **(B)** | **Trí** chineál **:** @ 5m an ceann (3m + 2m) | 15 |
| **(C)** | **Míniúchán:** 10m (5m + 5m) | 10 |
| **(D)** | **Cairt** Teideal 1m<br>Axis 4m (2m + 2m)<br>5 bharra @ 2m an ceann | 15 |
| **(E)** | **Dhá** úsáid : 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | **75** |

**Ceist 7**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | **Miniú:**<br>**Míniúchán:** | 3m + 2m<br>3m + 2m | 10 |
| **(B)** | **Dhá** thairbhe **:** | 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(C)** | **(i) Ríomh:**<br>**(ii) Dhá** asbhaint: | 2m + 2m + 2m + 2m + 2m<br>@ 5m an ceann | 20 |
| **(D)** | **Dhá** thairbhe **:** | 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(E)** | **Dhá c**húis : | 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **75** |

**Ceist 8**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | **(i) Míniú:**<br>**(ii) Dhá** shochar**:** | 5m (3m + 2m)<br>8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 20 |
| **(B)** | **Trí fhoinse:** | @ 5m an ceann (3m + 2m) | 15 |
| **(C)** | **(i) Dhá** cheannteideal:<br>**(ii) Dhá** thairbhe: | @ 3m an ceann<br>@ 7m an ceann (4m + 3m) | 20 |
| **(D)** | **Míniúchán:**<br>Tagairt: | 6m (3m + 3m)<br>4 mharc | 10 |
| **(E)** | **Dhá** sheirbhís**:** | @ 5m an ceann | 10 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **75** |

**Ceist 9**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | **Léaráid:** | 5 chéim @ 2mharc an ceann<br>2 mharc don chuar<br>3 mharc do na lipéid | 15 |
| **(B)** | **Dhá** shochar: | 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(C)** | **Míniú agus sampla**: | 4m + 3m + 3m | 10 |
| **(D)** | **(i) Míniú:**<br>**(ii) Dhá** mhodh: | 5m (3m + 2m)<br>8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 20 |
| **(E)** | **Dhá** mheán agus **cúis amháin:** | 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **75** |


# STAIDÉAR GNÓ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA - GNÁTHLEIBHÉAL

# FREAGRAÍ a mBEIFÍ AG SÚIL LEO – 2022

**Roinn 1** **Ceisteanna Gearrfhreagra** **75 mharc**

| Q | Freagraí a mbeifí ag súil leo | Marcanna |
|---|---|---|
| **1.** | **Cad dó a seasann na litreacha seo a leanas?**<br><br>**CPT (PLC)** Cuideachta Phoiblí Theoranta<br>**POF (CEO)** Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin<br>**TFC (ICT)** Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide | **15m**<br><br>3 x 5m<br>(2+2+1) |
| **2.** | **Sainaithin an chatagóir thionsclaíochta is fearr a oireann do gach ceann de na híomhánna a thaispeántar thíos.**<br><br>(i) Tánaisteach<br>(ii) Seirbhísí/Den Tríú Grád<br>(iii) Príomhúil<br>(iv) | **15m**<br><br>5<br>5<br>5 |
| **3.** | **Sainaithin cé acu Teoiric X nó Teoiric Y McGregor a fhreagraíonn do na ráitis seo a leanas:**<br><br>1. Teoiric Y<br>2. Teoiric X<br>3. Teoiric X<br>4 Teoiric Y | **15m**<br><br>4<br>4<br>4<br>3 |
| **4.** | **Cuir in iúl trí tic a chur (✓) sa bhosca ceart, an toisc tháirgeachta lena mbaineann gach ráiteas.** | **15m** |

| Ráiteas | Talamh | Saothar | Caipiteal | Fiontraíocht | |
|---|---|---|---|---|---|
| Úsáideann Cadbury saintrealamh agus saininnealra chun a gcuid tairgí a tháirgeadh. | | | ✓ | | 4 |
| Úsáideann Cadbury pónairí cócó chun a mbarraí seacláide a tháirgeadh. | ✓ | | | | 4 |
| Fostaíonn Cadbury na mílte duine in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. | | ✓ | | | 4 |
| Ba é an fiontraí John Cadbury a bhunaigh Cadbury | | | | ✓ | 3 |

| | | |
|---|---|---|
| **5.** | **Críochnaigh na ranna feidhmiúla atá ag cuideachta déantúsaíochta ina bhfuil ceithre roinn.**<br> | **15m**<br><br>4<br><br>4+4+3<br><br>**Táirgeadh**<br>*Éigeantach* |
| **6.** | **Ainmnigh dhá institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh (AE).**<br>• Parlaimint na hEorpa – faomhann sí reachtaíocht<br>• Coimisiún Eorpach – tionscnaíonn sé dlíthe agus cuireann sé i bhfeidhm iad<br>• An Chomhairle Eorpach – í comhdhéanta de chinn stáit ó gach tír Eorpach<br>• An Chomhairle den AE – aire rialtais amháin ó gach stáit<br>• Cúirt Iniúchóirí na hEorpa – iniúchann sí cuntais agus déanann sí maoirseacht ar chur i bhfeidhm na mbuiséad<br>• Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh – pléann sí le hábhair aighnis bainteach le dlíthe na hEorpa<br>• An Banc Ceannais Eorpach –cuireann sé an beartas airgeadaíochta den AE i bhfeidhm | **15m**<br><br>8<br><br>7 |
| **7.** | **Cuir ciorcal thart ar an rogha cheart i ngach ceann de na ráitis seo a leanas.**<br>(i) Bíonn fiontar atá faoi úinéireacht an stáit faoi úinéireacht agus faoi smacht fiontraithe príobháideacha / **an rialtais**.<br>(ii) Bíonn comhpháirtíocht faoi úinéireacht comhpháirtí amháin / **beirt** chomhpháirtithe ar a laghad.<br>(iii) I gcomharchumann, bíonn cearta vótála na mball **cothrom** / ag brath ar úinéireacht scaireanna.<br>(iv) Bíonn scairshealbhóirí i gCuideachta Phríobháideach Theoranta faoi dhliteanas **teoranta** / dliteanas neamhtheoranta. | **15m**<br><br>4<br><br>4<br><br>4<br><br>3 |
| **8.** | **Roghnaigh na téarmaí cuí chun an abairt thíos a chríochnú. (Tá dhá théarma ann nach mbeidh in úsáid.)**<br>Plean do ghnólacht a bhainfear amach thar thréimhse 1-2-bliana is ea Plean **oirbheartaíoch,** ach baintear feidhm as plean **teagmhasach** i gcás éigeandála/cúinsí gan choinne. | **15m**<br><br>8<br><br>7 |

**9. Mínigh an difríocht idir Táthcheangal agus Cumasc.** — **15m**

Is é is **táthcheangal** ann ná nuair a cheannaíonn amach cuideachta amháin ar a laghad 51% de scaireanna cuideachta eile. D'fhéadfadh sé tarlú ar bhonn cairdiúil nó naimhdeach. — 8 (4+4)

Is é is **cumasc** ann ná nuair a thagann dhá chuideachta le chéile le feidhmiú mar chuideachta amháin. Déantar é ar mhaithe le leas an dá chuideachta. — 7 (4+3)

**10. Ríomh an Cóimheas Fíorthástála. (Taispeáin an fhoirmle agus do chuid oibre.)** — **15m**

| | | |
|---|---|---|
| **Foirmle** | Sócmhainní Reatha – Stoc Deiridh : Dliteanais Reatha | 4 |
| **Obair** | €160,000 – €40,000 : €100,000<br>€120,000 : €100,000 | 2 + 2 + 2 |
| **Freagra** | 1.2 : 1 | 5 |


**11. Déan an míniú a mheaitseáil leis an mbac cuí ar thrádáil.** — **15m**

| Míniú | Bac ar thrádáil | |
|---|---|---|
| Cáin iompórtála a ghearrtar ar earraí a thagann isteach as tíortha áirithe. | **Taraif** | 5 |
| Cosc iomlán ar earraí ar leith a iompórtáil isteach i dtír. | **Trádbhac** | 5 |
| Airgead a chuireann an Rialtas ar fáil chun cabhrú le cuideachtaí a gcostais oibriúcháin a chlúdach chun praghsanna a choinneáil iomaíoch. | **Fóirdheontas** | 5 |

**12. Scríobh an focal FÍOR nó BRÉAGACH i ndiaidh gach ráitis díobh seo a leanas.** — **15m**

| | | |
|---|---|---|
| Laghdú ar bhunphréimh árachais is ea ualú. | **Bréagach** | 4 |
| Dá mhéad é an riosca, is ea is airde a bheidh do phréimh árachais. | **Fíor** | 4 |
| Ríomhann achtúire préimh árachais. | **Fíor** | 4 |
| Ciallaíonn slánaíocht nach féidir leat brabús a dhéanamh ar árachas. | **Fíor** | 3 |

**13.** Sainaithin na **trí** ghné eile den chumasc margaíochta. — **15m**




5 + 5 + 5

**14.** **Sainaithin an modh táirgthe a úsáidtear chun na táirgí seo a leanas a dhéanamh:** **15m**

| Táirge | Modh Táirgthe | |
|---|---|---|
|   | **BAISCTHÁIRGEADH** | 5 |
|   | **OLLTÁIRGEACHT:** | 5 |
|  | **TÁIRGEADH POIST** | 5 |

**15.** **Meaitseáil téarmaí le mínithe:** **15m**

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | |
|---|---|---|---|---|---|
| **D** | **F** | **A** | **E** | **C** | |
| *3* | *3* | *3* | *3* | *3* | 5 x 3m |

**ROINN 2**

**CUID 1**

**CEIST 1**

| | **Freagraí Féideartha** | **Marcanna** |
|---|---|---|
| **(A)** | **Ainmnigh an dlí tomhaltais a thugann cosaint do Shéimí.**<br><br>An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980 | **10m**<br><br>2+2+2+2+2 |
| **(B)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá fhoráil sa dlí a d'ainmnigh tú thuas a bhaineann le cás Shéimí.**<br><br>• Ní féidir leis an miondíoltóir comharthaí a úsáid a chuireann srian le cearta tomhaltóirí. Tá sé fós de cheart ag Séimí sásamh ceart a fháil. Maidir leis an bhfógra Díolacháin a léigh Séimí, níor chomhlíon sé dlíthe tomhaltais.<br>• Tá sé de cheart ag Jamie sásamh ceart a fháil, m.sh. deisiú, aisíocaíocht nó athsholáthar.<br>• Caithfidh earraí a bheith ar cháilíocht indíolta – ar chaighdeán nó ar cháilíocht réasúnta. Ós rud é go raibh an geansaí stróicthe ní raibh sé ar chaighdeán indíolta nó oiriúnach chun a dhíolta.<br>**NÓ**<br>• Caithfidh earraí a bheith oiriúnach don fheidhm atá beartaithe – má dheartar táirge chun tasc faoi leith a dhéanamh caithfidh sé a bheith in ann chuige. Ní raibh an geansaí oiriúnach lena chaitheamh agus stróic ann. | **15m**<br><br>8m<br>(4 + 4)<br><br>7m<br>(4 + 3) |
| **(C)** | **Mínigh dhá bhuntáiste a bhainfeadh Séimí as a chás a thabhairt os comhair Nós Imeachta na nÉileamh Beag/ Cúirt na nÉileamh Beag.**<br><br>• Neamhchostasach: Níl ach costas €25 i gceist chun cás a chur faoi bhráid Chúirt na nÉileamh Beag.<br>• Ní gá aon dlíodóir a áirithiú: Ní chaithfidh an tomhaltóir íoc as ionadaíocht dhlíthiúil, is féidir leo ionadaíocht a dhéanamh ar a son féin.<br>• Áisiúil: Éistear an cás sa chúirt dúiche áitiúil agus níl gá le taisteal mar sin. Is féidir an t-iarratas a dhéanamh ar líne.<br>• Tiocfar ar réiteach go tapa: Seans maith go mbeidh réiteach tapa i gceist má éistear an cás go háitiúil, de ghnáth laistigh de shé seachtaine.<br>• Réasúnta: Éisteann an breitheamh leis an dá thaobh agus tugann sé a chinneadh ansin. Is duine neamhchlaonta é an breitheamh.<br>• Dearadh nós imeachta Chúirt na nÉileamh Beag sa chaoi is gur féidir léi déileáil le héilimh suas le €2,000. | **15m**<br><br>10m<br>(7 + 3)<br><br>5m<br>(4 + 1) |

| | | |
|---|---|---|
| **(D)** | **Tabhair breac-chuntas ar thrí fhoras (seachas inscne) ar a bhfuil an leithcheal toirmiscthe faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015.**<br><br>• Aois: ní féidir caitheamh le fostaithe níos óige agus níos sine ar bhealach difriúil.<br>• Chreidimh reiligiúnacha: creideamh duine, a chúlra, a dhearcadh, nó gan aon cheann díobh siúd a bheith i gceist.<br>• Claonadh Gnéis: aerach, leispiach, déghnéasach agus heitrighnéasach.<br>• Michumas: fisiciúil, intleachtúil, foghlama, nó míchumas mothúchán.<br>• Stádas Sibhialta: singil, pósta, scartha, colscartha, baintreach nó i bpáirtnéireacht shibhialta.<br>• Stádas Teaghlaigh: níor cheart caitheamh le tuismitheoirí nó fostaithe gan leanaí ar bhonn nach bhfuil chomh fabhrach sin agus a chaitear le daoine eile.<br>• Cine: dath craicinn, náisiúntacht, nó bunús eitneach.<br>• A bheith mar Bhall de Phobal an Luchta Siúil. | **15m**<br><br>5m<br>(4+1)<br><br>5m<br>(4+1)<br><br>5m<br>(4+1) |

| | | |
|---|---|---|
| **(E)** | **(i) Mínigh trí chúis, seachas an leithcheal, le haighneas tionsclaíoch san áit oibre.** | **20m** |
| | • Pá: féadann oibrithe dul i mbun gníomhaíochta tionsclaíche mar gheall ar phá. Féadfaidh siad éilimh phá éagsúla á lua m.sh. éileamh costais mhaireachtála, éileamh inchomparáideachta nó éileamh coibhneasachta.<br>• Coinníollacha oibre: is féidir aighnis thionsclaíocha a eascairt as dálaí oibre contúirteacha, trealamh contúirteach, drochshláinteachas agus téamh nach bhfuil maith a dhóthain.<br>• Cleachtais nua oibre/teicneolaíocht nua: d'fhéadfadh aighneas a eascairt as teicneolaíocht nua a thabhairt isteach nó cleachtais oibre a athrú.<br>• Laghdú ar uaireanta oibre nó iallach a chur ar oibrithe uaireanta neamhrialta a oibriú.<br>• Saincheisteanna maidir le roinnt na ndualgas: aighneas faoi cé a dhéanann cén tasc san ionad oibre.<br>• Iomarcaíochtaí: más dóigh le hoibrithe go bhfuil nósanna imeachta éagóracha i bhfeidhm maidir le roghnú nó má cheaptar nár leor na híocaíochtaí iomarcaíochta.<br>• Ceardchumann a aithint: féadfaidh fostaithe gníomhaíocht thionsclaíoch a ghlacadh má dhiúltaíonn a bhfostóir dul i dteagmháil lena gceardchumann.<br>• Dífhostú éagórach: má bhraitheann fostaí gur dífhostaíodh é/í ar chúiseanna mídhleathacha m.sh., cine, creidimh, aois, gnéasacht. | 6m<br>(4+2)<br><br>6m<br>(4+2)<br><br>3m<br>(2+1) |
| | **(ii) Tabhair breac-chuntas ar chineál amháin gníomhaíochta tionsclaíche atá ar fáil d'fhostaithe atá i mbun aighneas tionsclaíoch le fostóir.** | |
| | • Stailc: sa chás seo ní théann fostaithe isteach ina n-ionad oibre agus ní dhéanann siad a gcuid dualgas.<br>• Oibriú de réir rialach: sa chás seo ní thugann fostaithe ach faoi na poist bheachta atá scríofa ina sainchuntas poist nó ina gconradh fostaíochta.<br>• Cosc ar ragobair: sa chás seo diúltaíonn oibrithe ragobair a dhéanamh. Is féidir le seo cur isteach go mór ar chúrsaí, sa chaoi is go gcailltear orduithe agus go gcailltear díolacháin, go háirithe ag buaic-amanna trádála, m.sh. siopa bréagán um Nollaig.<br>• Stailc Chomharthach: éiríonn oibrithe as obair ar feadh tamaill bhig chun aird a tharraingt ar a gcuid frustrachais. Tarraingíonn sé seo aird ar an rún atá acu beart a dhéanamh de réir a mbriathar maidir le tabhairt faoi gníomh níos tromchúisí, mura dtiocfar ar chomhaontú.<br>• Moilleadóireacht: oibríonn oibrithe níos moille agus gan an oiread sin éifeachtachta agus ba ghnách leo. | 5m<br>(4+1) |

**CEIST 2:**

| | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| (A) | **(i) Mínigh an téarma Cáin Chorparáide.**<br><br>Cáin/tobhach a íocann cuideachtaí ar a mbrabúis bhliantúla. Is é 12.5% nó 15%, an ráta in Éirinn faoi láthair – braitheann sé ar ioncam bliantúil an chuideachta. | **15m**<br><br>8m<br>(4 + 4) |
| | **(ii) Tabhair breac-chuntas ar shlí amháin a bhféadfadh méadú ar Cháin Chorparáide dul i bhfeidhm ar ghnólachtaí in Éirinn.**<br>• Fágann méadú ar an gcáin chorparáide nach féidir le gnólacht an oiread sin brabúis a choimeád, rud a fhágann go bhféadfadh ardú a theacht ar phraghsanna dá bharr.<br>• Seans go gcuirfidh cánacha níos airde gearrtha ar bhrabúis chuideachtaí fiontraíocht agus infheistíocht ó dhoras in Éirinn.<br>• De dheasca mhéadú ar cháin chorparáideach, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh níos lú foinn ar úinéirí/scairshealbhóirí athinfheistiú a dhéanamh ina gcuid gnólachtaí chomh maith le hiad a fhorbairt.<br>• Seans go ndéanfaidh roinnt cuideachtaí trasnáisiúnta a gcuid gnó a aistriú ó Éirinn dá bharr. | 7m<br>(4 + 3) |
| (B) | **Tabhair breac-chuntas ar dhá shlí, seachas cáin, a dtéann an Rialtas i bhfeidhm ar ghnólachtaí in Éirinn.**<br><br>• **Cúnamh deontais –** Cuireann an rialtas cúnamh deontais ar fáil do ghnólachtaí le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta a mhéadú, T&F agus araile.<br>• **Infreastruchtúr –** Cuireann an Rialtas infreastruchtúr ar fáil a chuireann ar chumas gnólachtaí oibriú go héifeachtach m.sh., naisc iompair, fóntais chumarsáide srl.<br>• **Oideachas & Oiliúint –** Cuireann an rialtas maoiniú ar fáil d'oideachas agus d'oiliúint le gur féidir le gnólachtaí leas a bhaint astu, agus iad in ann teacht ar lucht saothair oilte dá bharr.<br>• **Rialachán –** Cuireann an Rialtas reachtaíocht i bhfeidhm a rialaíonn conas is féidir le gnó a oibriú m.sh. Acht na gCuideachtaí, Dlí Fostaíochta srl. | **15m**<br><br>8m<br>(4 + 4)<br><br>7m<br>(4 + 3) |

| | | |
|---|---|---|
| **(C)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhealach ar féidir le Aldi caitheamh go heiticiúil lena chuid fostaithe.**<br><br>• Gan aon leithcheal a bheith le sonrú sa láthair oibre – caitheamh go cothrom le gach fostaí.<br>• Cloí le gach dlí fostaíochta amhail an tAcht um Dhífhostú Éagórach.<br>• Pá cothrom a íoc. Íosphá nó pá maireachtála ar a laghad.<br>• Coinníollacha oibre atá slán sábháilte a chur i bhfeidhm.<br>• Conarthaí poist/fostaíochta atá socair a chur ar fáil. | **15m**<br><br>8m<br>(4 + 4)<br><br>7m<br>(4 + 3) |
| **(D)** | **Déan cur síos ar dhá bhealach ar féidir le hollmhargadh a bheith freagrach ó thaobh an chomhshaoil de.**<br><br>• Dramhaíl a laghdú/fáil réidh le dramhaíl go sábháilte – pacáistiú a laghdú agus pacáistiú atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a úsáid.<br>• Iniúchtaí comhshaoil a dhéanamh ar bhonn rialta.<br>• Veaineanna seachadta atá éiceabhách a úsáid ar nós gluaisteáin leictreacha nó hibrideacha.<br>• Feasacht – cur le tuiscint na foirne ar an tábhacht a bhaineann le bheith neamhdhíobhálach don chomhshaol.<br>• Lorg carbóin a laghdú trí ábhair a fháil go háitiúil. | **15m**<br><br>8m<br>(4 + 4)<br><br>7m<br>(4 + 3) |
| **(E)** | **Mínigh dhá bhuntáiste a bhainfeadh pobal áitiúil as gnó nua amhail ALDI a bheith á bhunú sa cheantar.**<br><br>• Cruthaíonn sé poist/fostaíocht do mhuintir na háite – feabhsaíonn sé caighdeán na beatha.<br>• Cuireann sé réimse níos leithne d'earraí ar fáil don phobal áitiúil ar phraghsanna iomaíocha.<br>• Feabhsaíonn sé an caighdeán maireachtála sa cheantar – caitheann na baill foirne a gcuid pá go háitiúil.<br>• Éifeacht seachtháirge – soláthraíonn gnólachtaí eile seirbhísí don ghnólacht nua.<br>• Déantar urraíocht ar imeachtaí/foirne/clubanna áitiúla.<br>• Cothaíonn sé díolacháin/gnó sa cheantar – níos mó airgid caite i siopaí áitiúla, caiféanna.<br>• Infreastruchtúr feabhsaithe – níos mó infheistithe i mbóithre/seirbhísí. | **15m**<br><br>8m<br>(4 + 4)<br><br>7m<br>(4 + 3) |

## CEIST 3:

| | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| (A) | **Mínigh an téarma iompórtáil shofheicthe agus tabhair sampla amháin d'iompórtáil shofheicthe d'Éirinn.** | **10m** |
| | Is **iompórtáil infheicthe** atá i gceist nuair a cheannaíonn Éireannaigh earra nithiúil ó ghnólacht lonnaithe i dtír eile. Imíonn airgead as Éirinn agus téann sé chuig tír eile. | 6m<br>(3 + 3) |
| | Sampla:<br>• Ollmhargadh Éireannach a cheannaíonn torthaí ón Spáinn.<br>• Tomhaltóirí Éireannacha a cheannaíonn fíona ón bhFrainc.<br>• Siopa ilrannach Éireannach a cheannaíonn éadaí ó Mheiriceá.<br>• Tomhaltóirí Éireannacha a cheannaíonn gluaisteáin ón Ríocht Aontaithe. | 4 |
| (B) | **Tabhair dhá chúis a ndéantar earraí agus seirbhísí a iompórtáil isteach in Éirinn.** | **15m** |
| | • Táirgeadh - Ní tháirgimid earraí áirithe, gluaisteáin, mar shampla.<br>• Aeráid - Níl an aeráid againn chun barra áirithe a fhás.<br>• Acmhainní nádúrtha - Níl acmhainní nádúrtha áirithe againn ar nós ola agus gáis atá de dhíth ar ghnólachtaí agus ar thomhaltóirí.<br>• Rogha do thomhaltóirí - cuirtear éagsúlacht níos leithe d'earraí ar fáil do thomhaltóirí.<br>• Fás ar ríomhthráchtáil – Tá sé níos éasca anois do thomhaltóirí earraí a cheannach ó thíortha eile. Tá sé simplithe mar gheall ar an idirlíon agus teicneolaíocht chliste. | 8m<br>(4 + 4)<br>7m<br>(4 + 3) |
| (C) | **Agus úsáid á baint agat as na figiúirí thíos, ríomh Comhardú na Trádála do mhí Aibreáin 2021. Taispeáin do chuid oibre.** | **15m** |
| | Comhardú na Trádála = Easpórtálacha Sofheicthe - Iompórtálacha Sofheicthe | 2 |
| | | 2 + 2 + 2 |
| | = €12,706m – €8,053m | 1 + 1 |
| | = €4,653m | |
| | **(ii) Luaigh cé acu barrachas nó easnamh atá ann.** Barrachas | **5** |

| | | |
|---|---|---|
| **(D)** | **Déan cur síos ar dhá dhúshlán atá ann do ghnólachtaí Éireannacha atá páirteach sa trádáil idirnáisiúnta.**<br><br>• Deacrachtaí teanga - tarlaíonn deacrachtaí agus ábhair mhargaíochta/fhógraíochta á n-aistriú.<br>• Difríochtaí cultúrtha – nósanna/traidisiúin éagsúla, m.sh. ní itheann daoine san Ind mairteoil.<br>• Costais leithdháilte – ós rud é go gcaithfear earraí a iompar i bhfad tagann méadú ar na costais iompair.<br>• Luaineachtaí airgeadra – D'fhéadfadh athruithe airgeadra cur isteach ar iomaíochas agus seans go laghdóidh an t-éileamh ar easpórtálacha Éireannacha dá bharr seo.<br>• Iomaíocht – iomaíocht ó tháirgeoirí intíre a tháirgeann earraí ardchaighdeáin.<br>• Féadfaidh cánacha agus dleachtanna a ghearrann tíortha eile lasmuigh den AE an praghas díola a ardú agus éileamh a laghdú. | **15m**<br><br>8m<br>(4 + 4)<br><br>7m<br>(4 + 3) |
| **(E)** | **Tabhair breac-chuntas ar thrí bhuntáiste a bhaineann Éire as fanacht mar chuid den Aontas Eorpach.**<br><br>• Margadh Eorpach Aonair/Saorthrádáil – saorghluaiseacht earraí agus seirbhísí idir na Ballstáit. Ní ghearrtar aon cháin ar earraí agus ar sheirbhísí a dhíoltar idir tíortha san AE.<br>• Saorghluaiseacht daoine – is féidir le saoránaigh an AE maireachtáil agus oibriú in aon tír AE gan gá le víosaí. Bíonn gnólachtaí Éireannacha in ann teacht ar lucht saothair oilte dá bharr seo.<br>• Cúnamh deontais – cuireann an AE tacaíochtaí ollmhóra airgeadais ar fáil do thíortha an AE agus tá na billiúin cistí struchtúracha faighte ag Éirinn ón AE. m.sh., chuaigh an CBT [An Comhbheartas Talmhaíochta] chun tairbhe feirmeoirí.<br>• Rochtain ar mhargadh mór – tá an AE ar cheann de na bloic trádála is mó ar domhan agus tá rochtain ag gnólachtaí Éireannacha ar bhreis agus 400 milliún duine. | **20m**<br><br>7m<br>(4 + 3)<br><br>7m<br>(4 + 3)<br><br>6m<br>(4 + 2) |

**CEIST 4**

| | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| **(A)** | **(i) Mínigh an téarma Páirtí Leasmhar.**<br><br>Is Páirtí Leasmhar aon duine a bhfuil spéis acu i ngnólacht nó gur féidir cúrsaí ann cur isteach air/uirthi.<br><br>**(ii) Tabhair breac-chuntas ar an tslí a ndeachaigh an tine i monarcha Glenisk i bhfeidhm ar dhá cheann de na páirtithe leasmhara.**<br><br>• Ní bhfaighidh infheistóirí/scairshealbhóirí/úinéirí – díbhinn leordhóthanach nó aon bhrabús.<br>• Fostaithe – seans go mbrisfí as a bpoist go sealadach nó d'fheadfadh caillteanas buan de phoist a bheith i gceist.<br>• Tomhaltóirí – gan teacht acu ar tháirgí Glenisk a cheannaíonn siad de ghnáth<br>• Soláthraithe – níl aon cheannaitheoir dá n-amhábhar m.sh., níl aon cheannaitheoirí eile ag feirmeoirí dá gcuid bainne toisc nach bhfuil an mhonarcha ag feidhmiú<br>• Rialtas – ní bhfaighidh sé tuairisceáin CBL agus Chánach Corparáide toisc an mhonarcha a bheith dúnta<br>• Lucht bainistíochta/Fostóir – gó mór faoi bhrú chun an ghnólacht a chur ag oibriú arís<br>• Pobal Áitiúil – d'fhéadfadh gnólachtaí áitiúla a bheith thíos leis de dheasca fostaithe a bheith á mbriseadh as a bpoist go sealadach. | **20m**<br><br>5m<br>(3 + 2)<br><br>8m<br>(4 + 4)<br><br>7m<br>(4 + 3) |
| **(B)** | **Tabhair breac-chuntas, agus sampla á úsáid agat, ar an ról atá ag grúpaí sainleasa.**<br><br>Is éard is **grúpa sainleasa** ann ná eagraíocht a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine a bhfuil leas coiteann acu. Déanann siad stocaireacht ar an Rialtas, ar an AE, agus ar eagraíochtaí agus ar chinnteoirí eile thar ceann a mball.<br><br>**Sampla**: Déanann an IFA [Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann] ionadaíocht ar Fheirmeoirí Éireannacha agus déanann sé stocaireacht ar an Rialtas agus ar an AE thar a gceann. | **15m**<br><br>10m<br>(5 + 5)<br><br>5m |

| | | |
|---|---|---|
| **(C)** | **Mínigh, agus tagairt agat don téacs a cuireadh ar fáil, trí ghné de chonradh bailí.**<br><br>**(i)** **(Tairiscint agus Glacadh (le (Comhaontú)** – déanann páirtí amháin tairiscint chuig páirtí eile. Glacann an páirtí eile leis an tairiscint seo gan choinníoll.<br><br>*Thairg Sinéad agus Patrick €320,000 ar an teach agus ghlac Eamonn Lynch, an díoltóir, leis an tairiscint. Thoiligh sé an úinéireacht a aistriú chuig Sinéad agus Patrick a luaithe agus a fuair sé an t-airgead a thairg siad.*<br><br>**(ii)** **Cumas conraithe** – caithfidh gach páirtí a shíníonn conradh a bheith in ann é sin a dhéanamh. Tá siad os cionn 18, táid siad ar a gciall, agus níl siad faoi thionchar alcóil/drugaí.<br><br>*Tá Sinéad agus Pádraig 31 bliain d'aois.*<br><br>**(iii)** **Comaoin** – is é seo an réad luachmhar a chaithfear a aistriú idir an dá pháirtí faoi chonradh. De ghnáth, malartaíonn páirtí amháin sócmhainn nó seirbhís ar airgead an pháirtí eile.<br><br>*Tabharfaidh Sinéad agus Patrick €320,000 chuig Eamonn Lynch, agus díolfaidh seisean an teach leo.*<br><br>**(iv)** **Toiliú le Conradh** – ní mór don dá pháirtí conradh a dhéanamh dá saorthoil féin, gan aon bhrú.<br><br>*Teastaíonn ó Shinéad agus Patrick an teach a cheannach, tá an díoltóir tar éis cuireadh a thabhairt do dhaoine chun é a cheannach.* | **15**<br><br>3 @ 5m<br><br>(3 + 2) |
| **(D)** | **Déan cur síos ar dhá mhodh chun conradh a fhoirceannadh (deireadh a chur leis).**<br><br>• Feidhmíocht – comhlíonann an dá pháirtí sa chonradh a gcuid féin den chonradh agus tagann deireadh nádúrtha leis.<br><br>• Comhaontú - tagann an dá pháirtí ar chomhaontú maidir le deireadh an chonartha sula gcríochnófar é.<br><br>• Dírathú – ní féidir an conradh a chur i gcrích mar gheall ar chor gan choinne.<br><br>• Sárú – ní chomhlíonann páirtí amháin faoi chonradh a gcuid den chonradh. | **15m**<br><br>8m<br>(4 + 4)<br><br>7m<br>(4 + 3) |

| | | |
|---|---|---|
| **(E)** | **Tabhair breac-chuntas ar fheidhm amháin atá ag an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC i mBéarla).**<br><br>• Leasanna agus leas tomhaltóirí a chur chun cinn agus a chosaint – cuireann an CCPC comhairle ar thomhaltóirí maidir lena gcearta tomhaltóra agus lena n-airgead pearsanta, trí bhíthin a shuíomh gréasáin, chomh maith le fógraíocht agus le línte cabhrach teileafóin.<br><br>• Cuireann sé cosaint tomhaltóirí agus dlí na hiomaíochta i bhfeidhm – tá an CCPC freagrach as gach dlí tomhaltais a chur i bhfeidhm trí iniúchadh a dhéanamh ar chásanna ina bhfuil amhras ann gur tharla sárú.<br><br>• Cinntíonn sé go gcomhlíontar dlíthe tomhaltais – cuireann sé comhairle ar ghnólachtaí agus cuireann sé ar an eolas iad maidir lena n-oibleagáidí dlíthiúla i leith tomhaltóirí agus gnólachtaí eile. Tá cumhacht ionchúisimh aige, trí orduithe toirmisc a sheoladh, chomh maith le fógraí comhlíonta agus fógraí maidir le híocaíocht shocraithe.<br><br>• Tugann sé comhairle don Rialtas ar shaincheisteanna tomhaltóirí – cuireann an CCPC comhairle ar an Rialtas maidir leis an mbealach is fearr chun a chinntiú go gcosnaítear iomaíocht chóir agus leas tomhaltóirí.<br><br>• Foilsíonn sé Liosta um Chosaint Tomhaltóirí – liosta a chuireann an pobal ar an eolas faoi ghnólachtaí a sháraigh dlíthe tomhaltóirí. | **10m**<br><br>10m<br><br>(5 + 5) |

**CEIST 5:**

| | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| (A) | **Tabhair breac-chuntas ar thrí thréith/scil fiontraíochta a léiríonn fiontraithe amhail Peadar agus Risteard.**<br><br>• Nuálach/Cruthaitheach – tagann siad ar smaointe nua; féachann siad ar rudaí ar bhealach úr.<br>• Treallús – feiceann siad deis agus gníomhaíonn siad as a stuaim féin chun gnó a bhunú le teacht i dtír uirthi.<br>• Sásta dul sa seans – glacann siad chucu féin an riosca pearsanta agus airgeadais a bhaineann le gnólacht a chur ar bun.<br>• Cinntitheach/cinnteoireacht – déanann siad cinntí go mear agus go héifeachtach.<br>• Dírithe ar an todhchaí/uaillmhianach – féachann siad chun cinn i dtreo na todhchaí agus pleananna a chur le chéile chun fanacht chun tosaigh ar iomaitheoirí.<br>• Réamhghníomhach – déanann tú rudaí as do stuaim féin seachas a bheith ag feitheamh ar dhaoine eile chun é a dhéanamh.<br>• Muiníneach – tá muinín aige/aici as a smaoineamh agus as a c(h)umas féin.<br>• Scileanna daonchaidrimh – réitíonn siad go maith le daoine agus is féidir leo plé le baill foirne.<br>Pointí eile: Dícheallach, Teacht Aniar Iontu, Solúbtha, Neamhspleách. | **15m**<br><br>3 x 5m<br>(3 + 2) |
| (B) | **Mínigh dhá riosca agus dhá luach saothair do Pheadar agus do Risteard agus a ngnó nua á bhunú acu.**<br><br>**Rioscaí:**<br>• Fadhbanna airgid/Gan aon ioncam seasta – seans nach mbeidh a dhóthain airgid acu chun an gnólacht a reáchtáil.<br>• Deacrachtaí le maoiniú/iasachtaí a fháil – seans go mbeidh sé deacair airgead a fháil don ghnólacht.<br>• Strus – tá gá le hobair ó dhubh go dubh chun an gnólacht a choimeád i mbun gnó. Bíonn an-chuid struis ag baint le gnólacht a chur ar bun ar uairibh.<br>• Iomaíocht – seans nach mbeifear in ann dul san iomaíocht le gnólachtaí atá ann cheana maidir le caighdeán na seirbhíse agus an praghas.<br>• Teip an ghnólachta – seans nach mbeidh rath ar an múnla gnó, agus gan aon dul as ag an ngnólacht ach dúnadh mar sin. Seans go gcaillfidh Peter agus Richard a n-infheistíocht agus seans go dtiocfaidh smál ar a gclú ós rud é nár éirigh lena ngnólacht.<br><br>**Luach saothair:**<br>• Brabús – is féidir le gnólacht rathúil brabús nach beag a shaothrú d'fhiontraí.<br>• Neamhspleáchas – tá smacht ag an bhfiontraí ar a shaol oibre féin agus déanann sé/sí cinntí a oireann dó/di féin<br>• Sásamh – cúitítear an té a raibh sé de mhisneach aige/aici aghaidh ar an ndúshlán a bhaineann le gnólacht a chur ar bun má tá rath ar an ngnólacht<br>• Saibhreas a shaothrú do dhaoine eile – fostaíocht a sholáthar, seach-chuideachtaí a chruthú agus araile. | **20m**<br><br>2 x 5m<br>(3 + 2)<br><br>2 x 5m<br>(3 + 2) |

| | | |
|---|---|---|
| (C) | **Pléigh dhá chúis a bhfuil rialú cáilíochta tábhachtach do ghnó éadaí.**<br><br>• Méadú ar Dhíolacháin: tagann méadú ar dhíolacháin má tá dea-cháil ar ghnólacht as scoth an éadaigh a dhíol.<br>• Custaiméirí dílse: tiocfaidh custaiméirí thar n-ais más dóigh leo go bhfaighidh siad scoth an éadaigh ann.<br>• Costais laghdaithe: is ionann dramhaíl a laghdú/athchúrsáil a dhéanamh agus costais an ghnólachta a laghdú.<br>• Is féidir leas a bhaint as gradaim ardchaighdeáin mar uirlis margaíochta.<br>• Praghsáil – is féidir leis an ngnólacht éadaí a dhíol ar phraghas níos airde má bhaineann an gnólacht cáil amach de bharr é a bheith ar ardchaighdeán. | **15m**<br><br>10m<br>(7+ 3)<br><br>5m<br>(4 + 1) |
| (D) | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann gnólacht as na meáin shóisialta a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh lena gcuid custaiméirí.**<br><br>• Fógraíocht dhíreach – cuireann na meáin shóisialta ar chumas gnólachtaí a gcuid fógraíochta a chur in oiriúint go díreach dá spriocmhargadh<br>• Costais laghdaithe – tá sé i bhfad níos saoire fógraíocht a dhéanamh ar na meáin shóisialta ná leis na modhanna lena ndearnadh fógraíocht go traidisiúnta.<br>• Cothaíonn sé dílseacht i gcustaiméirí – bíonn custaiméirí a dhéanann gnólachtaí nó brandaí áirithe a 'leanúint' níos dílse don ghnólacht sin de ghnáth<br>• Díolacháin ar an toirt – má dhéantar fógraíocht ar na meáin shóisialta is féidir le gnólacht nasc díreach chuig a shuíomh gréasáin a chur léi, agus seans maith ann go dtiocfaidh díolacháin ar an toirt as an bhfógra sin.<br>• Cruthaíonn sé caidreamh leis an gcustaiméir – trí phostáil rialta a dhéanamh ar na meáin shóisialta chomh maith le teachtaireachtaí a sheoladh caol díreach chuig custaiméirí, is féidir caidreamh pearsanta a fhorbairt leo. | **15m**<br><br>10m<br>(7+ 3)<br><br>5m<br>(4 + 1) |

| | | |
|---|---|---|
| (E) | **Déan liosta de dhá bhuntáiste a bhainfeadh Peadar agus Risteard as anailís LLDB (SWOT i mBéarla) a ullmhú dá ngnó.**<br><br>• Is féidir le gnólacht spriocanna gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha a fhorbairt dó féin trí anailís LLDB a dhéanamh.<br>• Déanann sé láidreachtaí an ghnólachta a aithint le gur féidir iad a fhorbairt a thuilleadh.<br>• Tarraingíonn sé aird ar aon laige/dúshlán a bhaineann leis an ngnólacht le gur féidir aghaidh a thabhairt orthu láithreach agus iad a mhaolú<br>• Cuireann sé ar chumas an ghnólachta na deiseanna atá le tapú a fhorbairt agus an leas is mó a bhaint astu.<br>• Tugann sé am don ghnólacht chun na rioscaí agus na bagairtí a d'fhéadfadh a bheith os a chomhair a sheachaint<br>• Cabhraíonn sé le gnólacht anailís a dhéanamh go hinmheánach agus go seachtrach ar an staid ina bhfuil sé faoi láthair. | **10m**<br><br>2 x 5m<br>(3 + 2) |

**CEIST 6:**


| | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| **(A)** | **(i)** **Mínigh dhá cheann de na foinsí airgeadais meántéarmacha a cuireadh ar fáil chun veain a cheannach.**<br><br>**Iasacht Meántéarmach** – iasacht ó institiúid airgeadais a tógadh thar thréimhse 1–5 bliana, nach mór a aisíoc ina dtráthchodanna cothroma maille le hús. Seans go mbeidh comhthaobhacht de dhíth.<br><br>**Fruilcheannach** – cuireann sé ar chumas gnólachta rud/sóchmhainn a cheannach trí bhíthin cuideachta airgeadais. Íoctar éarlais agus ansin íoctar ina dtráthchodanna cothroma maille le hús thar thréimhse 1 go 5 bliana. Ní tharlaíonn an t-aistriú úinéireachta chuig an bhfruilitheoir go dtí go n-íoctar an tráthchuid dheireanach.<br><br>**Léasú** – baineann sé seo le sócmhainn a fháil ar cíos/a fhruiliú thar thréimhse 1 go 5 bliana agus íocaíochtaí míosúla a dhéanamh ar an earra. Ní bhíonn an sócmhainn faoi úinéireacht an fhruilitheora riamh.<br><br>**(ii)** **Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste amháin a bhaineann le gach foinse a roghnaíonn tú.**<br><br>**Iasacht Mheántéarmach:**<br>Bíonn tú ina úinéir láithreach bonn ar an earra/tá na haisíocaíochtaí in-asbhainteach ó thaobh cánach.<br><br>**Fruilcheannach:**<br>Toisc go mbíonn aisíocaíochtaí míosúla íseal go leor i gceist is féidir an t-earra a fháil ar phraghas réasúnta má tá srian ann ó thaobh sreabhadh airgid de. Oiriúnach do dhaoine a bhfuil sé deacair dóibh creidmheas bainc a fháil.<br><br>**Léasú:**<br>Bíonn aisíocaíochtaí míosúla atá inacmhainne i gceist/gan aon ghá le caipiteal a cheangal/agus is féidir earra nua a léasú nuair atá deireadh leis an gcomhaontú léasa bunaidh.<br>Níl aon ghá le hurrús/le comhthaobhacht. | **20m**<br><br>2 x 7m<br>(4 + 3)<br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br>2 x 3m |

| | | |
|---|---|---|
| **(B)** | **Tabhair breac-chuntas ar thrí chineál árachais a mbeifeá ag súil leis go mbeidís ag Grúmaeirí Madraí Riain.**<br><br>Árachas **réadmhaoine** –chun caillteanas airgeadais a bhaineann leis na foirgnimh a chlúdach sa chás go dtarlaíonn buirgléireacht nó damáiste.<br><br>Árachas **Dliteanais Phoiblí** – tá an gnólacht cosanta maidir le héilimh arna ndéanamh ag daoine den phobal maidir le timpistí san áitreabh.<br><br>Árachas **Dliteanais Fostóra** – tá an gnólacht cosanta maidir le héilimh a dhéanann fostaithe maidir le timpistí a tharlaíonn san ionad oibre nó le linn dóibh a bheith i mbun dhualgais a gcuid post a chomhlíonadh.<br><br>Árachas **Inneachair** – tugann sé cosaint in aghaidh stoc a ghoidtear nó a ndéantar damáiste dó agus cosnaíonn sé trealamh ar thuilte nó ar ghadaíocht.<br><br>**Airgead faoi bhealach** – bíonn an gnólacht cosanta má ghoidtear airgead agus é ar an mbealach.<br><br>Árachas **Fuinneoige Plátghloine** – clúdaítear an costas chun cinn nua a chur isteach má bhristear nó má dhéantar damáiste d'fhuinneoga tosaigh gnólachta.<br><br>Beidh **mótarárachas** (Cuimsitheach) de dhíth má cheannaíonn sé an veain – clúdaíonn sé seo gach duine, Ryan san áireamh, má bhíonn timpiste aige. | **15m**<br><br>3 x 5m<br>(3 + 2) |
| **(C)** | **Mínigh, agus tagairt agat do Rian, an prionsabal a bhaineann le Meon Lánmhaith maidir le hÁrachas.**<br><br>Is ionann **Meon Lánmhaith** agus gach fíric ábhartha a fhógairt agus árachas á tógáil amach. Fíric ábhartha is ea aon rud a théann i bhfeidhm ar an leibhéal an riosca a iarrtar ar an árachóir a chlúdach agus mar sin an phréimh a ghearrtar. Caithfidh duine a fhaigheann árachas a bheith macánta agus fírinneach i ngach déileáil le cuideachta árachais. Cuireann sé seo ar chumas an árachóra an phréimh cheart a ríomh.<br><br>Caithfidh Ryan a bheith fírinneach agus é ag plé leis an gcuideachta árachais – caithfidh sé gach fíric ábhartha a bhaineann leis an ngnólacht agus leis an veain atá sé ar intinn aige a cheannach a fhógairt. | **10m**<br><br>4 + 3<br><br>3 |

**(D)** **Is iad seo a leanas na figiúirí glanbhrabúis do ghnólacht Riain don tréimhse 2017-2021** **15m**

| Bliain | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| Glanbhrabús | €35,000 | €45,000 | €40,000 | €55,000 | €60,000 |

**Léirigh an t-eolas thuas i mbarrachairt.**




Teideal 1m

Ais Lipéadaithe 2m + 2m

5 bharra @ 2m an ceann

(1m an ceann mura bhfuil siad de réir scála)

**(E)** **Tabhair breac-chuntas ar dhá shlí a n-úsáidfeadh gnólacht Riain TFC.** **15m**

- Ullmhú cuntas – Is féidir le Ryan bogearraí éagsúla a úsáid chun súil a choinneáil ar a chuid cuntas, m.sh. Excel, Sage
- Rialú stoic – is féidir le Ryan súil a choimeád ar stoc iomlán a ghnólachta trí chórais EDI a úsáid
- Díolacháin/margaíocht ar líne – a bhuí le TFC tá Ryan in ann suíomh gréasáin a oibriú agus custaiméirí a mhealladh chuig a ghnó, trí chóras áirithinte ar líne.
- Cumarsáid – Is féidir le Ryan modhanna éagsúla TFC a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh le páirtithe leasmhara éagsúla, m.sh. meáin shóisialta, ríomhphoist
- Párolla – Tá bogearraí ar fáil chun pá foirne agus dliteanais chánach a ríomh, m.sh., Collsoft. Beidh sé seo cabhrach má fhásann sé a ghnólacht.

8m (4 + 4)

7m (4 + 3)

**CEIST 7:**

| | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| (A) | **Mínigh na téarmaí oiliúint ionduchtúcháin agus oiliúint ar an láthair oibre.**<br><br>Is éard atá in **oiliúint ionduchtúcháin** ná oiliúint a chuirtear ar fhostaí nua nuair a thosaíonn siad ag obair d'eagraíocht. Baineann sé le heolas ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an eagraíocht, cé hé an duine gur cheart tuairisciú dó/di, sonraí íocaíochta, cód eitice, sláinte agus sábháilteacht srl. Tá sé mar fheidhm aici fostaithe a chur ar a socracht agus iad ag tabhairt faoi phost nua.<br><br>Is éard atá i gceist le **hoiliúint ar an láthair oibre** ná scileanna agus an t-eolas atá riachtanach don phost san ionad oibre a fhoghlaim trí oibriú le fostaithe a bhfuil taithí acu agus féachaint orthu i mbun a gcuid oibre. | **10m**<br><br>5m<br>(3 + 2)<br><br>5m<br>(3 + 2) |
| (B) | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann an gnólacht as na fostaithe a bheith ag obair mar chuid d'fhoireann**.<br><br>• Cinnteoireacht fheabhsaithe: bíonn scileanna agus saineolas éagsúil ag gach ball foirne agus is féidir cinnteoireacht a fheabhsú má bhaintear leas as an réimse iomlán dá gcuid scileanna agus saineolais.<br>• Meanma fheabhsaithe i measc na mball foirne: méadaíonn meanma na foirne de réir mar a fhaigheann fostaithe sásamh as a bheith ag obair le daoine eile. Tagann feabhas ar chaighdeán na hoibre agus bíonn spreagadh níos mó ann dá bharr.<br>• Caidreamh foirne níos fearr: bíonn caidreamh níos fearr idir bhaill foirne agus sásaíonn sé seo riachtanais shóisialta.<br>• Roinntear an t-ualach oibre/an fhreagracht: déanann gach ball foirne a c(h)ion. Nuair a bhíonn níos mó daoine ag obair ar thasc cuirtear i gcrích é ar bhonn níos éifeachtúla.<br>• Cumarsáid fheabhsaithe: cabhróidh obair foirne le scileanna cumarsáide agus idirphearsanta a fheabhsú.<br>• Spreagann sé smaointe cruthaitheacha: is féidir le moltaí smaointe nua a spreagadh. | **15m**<br><br>8m<br>(4 + 4)<br><br>7m<br>(4 + 3) |
| (C) | **I seachtain 24, d'éirigh le Liadh luach €20,000 de dhíolacháin a dhéanamh. Ag baint úsáide as an eolas thuas ríomh Pá Comhlán Liadh do Sheachtain 24. Taispeáin do chuid oibre.**<br><br>€20,000 × 5% = €1,000 + €400 = €1,400<br><br>**Déan liosta de dhá asbhaint reachtúla nach mór a bhaint as pá Liadh.**<br><br>ÍMAT – Íoc Mar A Thuillir<br>ÁSPC – Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa<br>MSU – Muirear Sóisialta Uilíoch | **20m**<br><br>2+2+2+2+2<br><br>2 x 5m |

| | | |
|---|---|---|
| (D) | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann an gnólacht as earcaíocht inmheánach.**<br><br>• Tá fios ag an bhfostóir faoi láidreachtaí, éachtaí, riachtanais oiliúna srl. an fhostaí.<br>• Bíonn cur amach ag an bhfostaí ar an eagraíocht agus ní gá oiliúint ionduchtúcháin a chur air/uirthi dá bharr, rud a shábhálann am.<br>• Bíonn spreagadh ag baill foirne oibriú níos dícheallaí más dóigh leo gur féidir leo ardú céime a bhaint amach.<br>• Níos saoire – sábháiltear airgead mura bhfuil gá leis an bpost a fhógairt. | **15m**<br><br>8m<br>(4 + 4)<br><br>7m<br>(4 + 3) |
| (E) | **Mínigh dhá chúis ar ról tábhachtach de chuid Bainisteoir na hAcmhainní Daonna é dea-chaidreamh a choinneáil idir an Fostóir agus na Fostaithe.**<br><br>• Fonn oibre ar an lucht saothair – má tá fostaithe sásta ina n-ionad oibre agus má bhíonn dea-chaidreamh acu leis an mbainistíocht bíonn fonn níos mó oibre orthu chomh maith le bheith níos bisiúla.<br><br>• Caidreamh maith tionsclaíochta – tá caidreamh dearfach idir an lucht bainistíochta agus fostaithe agus is lú seans go mbeidh aighneas tionsclaíoch ann dá réir. Déantar fadhbanna a réiteach níos tapúla ós rud é go bhfuil nósanna imeachta comhaontaithe i bhfeidhm.<br><br>• Ráta athraithe lucht saothair atá íseal – má tá caidreamh dearfach idir an bainisteoir AD agus an fhoireann is lú seans go bhfágfaidh fostaithe an eagraíocht.<br><br>• Níos lú neamhláithreachta – cinntíonn an dea-chaidreamh idir an lucht bainistíochta agus na baill foirne go bhfuil fostaithe níos sona ina gcuid bpost agus níos lú seans ann dá bharr go mbeidh siad as láthair le linn laethanta oibre. | **15m**<br><br>8m<br>(4 + 4)<br><br>7m<br>(4 + 3) |


**CEIST 8:**

| | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| (A) | **(i) Mínigh an téarma trádálaí aonair.** | **20m** |
| | Is éard atá i Trádálaí Aonair ná gnólacht atá faoi úinéireacht agus faoi smacht aon duine amháin. Tá an duine seo go hiomlán freagrach as an ngnólacht agus tá dliteanas neamhtheoranta air/uirthi. | 5m<br>(3 + 2) |
| | **(ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann le bheith ag feidhmiú mar thrádálaí aonair.** | |
| | • Brabúis – Mar an t-úinéir aonair, coimeádann an trádálaí aonair an brabús ar fad tar éis cánacha a íoc.<br>• Cinntí – tá sé/sí in ann na cinntí a dhéanamh as a stuaim féin agus is féidir cinntí a dhéanamh go tapa dá bharr.<br>• Smacht – tá smacht iomlán aige/aici ar an ngnólacht. Ní chaolaítear/roinntear an smacht.<br>• Foirmiú/cur ar bun – sách éasca tú féin a chur ar bun mar thrádálaí aonair.<br>• Cuntais – Tá cuntais agus taifid airgeadais trádálaí aonair faoi rún agus ní mór iad a nochtadh ach do na húdaráis chánach amháin. | 8m<br>(4 + 4)<br><br>7m<br>(4 + 3) |

| | | |
|---|---|---|
| (B) | **Mínigh trí fhoinse ónar féidir le gnólacht smaointe a fháil do tháirgí nua.**<br><br>• Suimeanna pearsanta/caitheamh aimsire/scileanna – Seans go mbeidh an fiontraí in ann caitheamh aimsire a iompú ina ghnó rathúil.<br>• Taighde agus Forbairt – Tá rannóg T&F freagrach as teacht suas le smaointe úra.<br>• Taisteal Thar Lear – Seans go bhfeicfidh fiontraí táirge/seirbhís rathúil le linn dó/di a bheith thar lear agus is féidir leo macasamhail de a athchruthú in Éirinn.<br>• Teaghlach/Cairde – seans go bhfaightear moladh ó bhaill teaghlaigh, ó chairde nó ó chomhghleacaithe faoi tháirge atá ann cheana féin nó go dtarraingeoidís aird an fhiontraí ar fhadhb bainteach leis.<br>• Idirlíon/Na Meáin – smaointe ó nuachtáin, TV, raidió, suíomhanna gréasáin.<br>• Treochtaí – Coinneoidh fiontraí súil ar threochtaí an mhargaidh chun táirge/seirbhís nua a shainaithint.<br>• Iomaitheoirí – D'fhéadfadh fiontraí aithris/oiriúnú/feabhas a dhéanamh ar tháirge nó ar sheirbhís de chuid iomaitheora.<br>• Tobsmaointeoireacht – Tagann fostaithe le chéile agus pléann siad smaointe éagsúla lena chéile.<br>• Ionadaíocht ar iompórtáil – Déanann fiontraí Éireannach táirge atá á iompórtáil faoi láthair.<br>• Aiseolas ó chustaiméirí – Cluas a thabhairt do chustaiméirí agus cad atá uathu d'fhonn táirge a oireann dá riachtanais a dhéanamh. | **15m**<br><br>3 x 5m<br>(3 + 2) |

| | | |
|---|---|---|
| **(C)** | **(i) Déan liosta de dhá cheannteideal i bplean gnó.**<br><br>• Déan cur síos ar an nGnólacht & na hÚinéirí<br>• Bainistíocht & Struchtúr na hEagraíochta<br>• Táirge nó seirbhís<br>• Anailís ar an Margadh<br>• Straitéis Mhargaíochta<br>• Riachtanas Airgeadais<br>• Réamh-mheastacháin Airgeadais<br><br>**(ii) Mínigh dhá bhuntáiste a bhaineann le plean gnó a ullmhú.**<br>• Leagtar amach go soiléir ann cuspóirí agus spriocanna an ghnólachta a thugann treoir agus fócas don ghnólacht.<br>• Úsáidtear é chun airgeadas a fháil ó iasachtóirí, a chaithfidh a bheith cinnte go bhfuil seans maith ann go n-éireoidh leis an bplean.<br>• Is féidir leis cabhrú le hinfheisteoirí ionchasacha a mhealladh mar is féidir leo an riosca a mheas sula ndéanann siad infheistíocht.<br>• Sainaithníonn sé na hacmhainní atá riachtanach don todhchaí.<br>• Féadann sé aird a tharraingt ar dheacrachtaí sa todhchaí agus féadfaidh an gnó céimeanna a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt orthu.<br>• Is féidir feidhmíocht iarbhír a chur i gcomparáid leis na spriocanna a leagtar síos, chun rath a chinneadh. | **20m**<br><br>2 x 3m<br><br>7m<br>(4 + 3)<br><br>7m<br>(4 + 3) |
| **(D)** | **Mínigh an téarma GUD (USP i mBéarla) agus tagairt agat do ghnólacht Mhiriam.**<br><br>Is ionann an **Ghné Uathúil Dhíolacháin** (USP) agus an ghné de tháirge nó de sheirbhís a chuireann ar thús cadhnaíochta é le hais a n-iomaitheoirí. Is éard is USP ann ná rud a chinntíonn go seasann táirge nó seirbhís amach/go mbeidh sé níos tarraingtí i súile tomhaltóirí.<br><br>*Is é an GUG (USP) atá ag Miriam ná go n-athraíonn sí gúnaí bainise go gúnaí baiste uathúla lámhdhéanta.* | **10m**<br><br>6m<br>(3 + 3)<br><br>4 |
| **(E)** | **Déan liosta de dhá sheirbhís a d'fhéadfadh an OFÁ a chur ar fáil do Mhiriam chun cabhrú léi agus a gnó á bhunú aici.**<br><br>• Meantóireacht<br>• Cúnamh deontais<br>• Comhairle & cúnamh<br>• Oiliúint | **10m**<br><br>2 x 5m |

## CEIST 9:

| | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| (A) | **Dréachtaigh léaráid de Shaolré an Táirge ina dtaispeántar gach ceann de na 5 chéim agus cuir lipéid orthu.**<br><br>**SAOLRÉ TÁIRGE**<br> | **15m**<br><br>Teideal: 1m<br><br>Díolacháin: 1m<br><br>Am: 1m<br><br>Líne Chuartha: 2m<br><br>Céimeanna: (san ord ceart) 5 x 2m |
| (B) | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann gnólacht as taighde margaidh a dhéanamh sula seoltar táirge nua.**<br><br>• Chun tuilleadh eolais a fháil faoi iomaitheoirí agus táirge níos fearr a tháirgeadh chun fanacht chun tosaigh ar a chuid iomaitheoirí.<br>• Riachtanais agus mianta custaiméirí a fháil amach/treochtaí a shainaithint agus táirge a shásaíonn an riachtanas sin a tháirgeadh.<br>• Chun cabhrú le cinneadh a dhéanamh ar an bpraghas cuí le gearradh/praghas atá an spriocmhargadh sásta a íoc.<br>• Is féidir é a úsáid chun tástáil a dhéanamh ar conas mar a théann táirge i bhfeidhm ar chustaiméirí.<br>laghdaíonn sé an baol nach mbeidh rath ar an táirge.<br>• Chun eolas faoin spriocmhargadh a aimsiú agus a sholáthar. Díreoidh an gnó an táirge ar an ngrúpa seo agus laghdófar cur amú airgid thirim dá réir.<br>• Chun méid an mhargaidh agus acmhainneacht an mhargaidh a fháil amach.<br>• Chun fáil amach cad í an fhógraíocht is fearr chun tomhaltóirí a mhealladh.<br>• Is féidir táirgí a thástáil ar chustaiméirí ionchasacha chun aiseolas a fháil ar cad is féidir a fheabhsú. | **15m**<br><br>8m<br>(4 + 4)<br><br>7m<br>(4 + 3) |

| | | |
|---|---|---|
| **(C)** | **Mínigh an téarma spriocmhargadh agus sampla á úsáid agat.**<br><br>Is éard atá i **spriocmhargadh** ná grúpa daoine ar a bhfuil táirge nó seirbhís faoi leith dírithe. D'fhéadfadh aois, leibhéal ioncaim, inscne, áit chónaithe agus stíl mhaireachtála a bheith mar thréith ag an spriocmhargadh.<br><br>**Sampla**: Tá Kinder Chocolate dírithe ar pháistí. | **10m**<br><br>4 + 3<br><br>3 |
| **(D)** | **(i) Mínigh an téarma Caidreamh Poiblí (PR i mBéarla).**<br><br>Is éard atá i **gCaidreamh Poiblí** (PR) ná modh a úsáideann gnólachtaí/daoine/eagraíochtaí chun dea-thoil a chruthú don eagraíocht nó an bpobal i gcoitinne a chur ar an eolas maidir leis an eagraíocht agus a cuid táirgí nó seirbhísí. Is í an phríomhaidhm atá ag PR ná eolas a chur in iúl don phobal.<br><br>**(ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá mhodh Caidrimh Phoiblí seachas urraíocht a d'fhéadfadh gnólacht a úsáid.**<br><br>• Preasócáidí/Preaseisiúintí – tugtar eolas do na meáin faoi ghníomhaíochtaí/táirgí na cuideachta.<br>• Moladh ó dhaoine mór le rá/ó thioncairí – íoctar duine cáiliúil as a bheith bainteach leis an ngnó. Feictear daoine cáiliúla i mbun an táirge á úsáid agus/nó tacaíonn siad leis ar na meáin shóisialta.<br>• Cruthaítear poiblíocht le hoscailt oifigiúil/seoladh an ghnólachta nó an táirge.<br>• Tabhartais do charthanacht – féadfaidh gnólacht dul i gcomhpháirtíocht le carthanas nó cuid den bhrabús a thabhairt do charthanacht roghnaithe.<br>• Seirbhís Iardhíola – aire maith a thabhairt don chustaiméir tar éis an táirge a dhíol leis/léi.<br><br>I measc straitéisí PR eile tá bróisiúir ghnó, litríocht phoiblíochta. | **20m**<br><br>5m<br>(3 + 2)<br><br>8m<br>(4 + 4)<br><br>7m<br>(4 + 3) |

| | | |
|---|---|---|
| **(E)** | **Déan liosta de dhá mheán fógraíochta a d'fhéadfadh gnólacht a úsáid agus tabhair breac-chuntas ar chúis le do rogha i ngach cás.**<br><br>• Idirlíon/na meáin shóisialta: tá teacht ar lucht féachana domhanda orthu. Is féidir leis an ngnólacht a spriocmhargadh a bhaint amach trí úsáid a bhaint as suíomhanna gréasáin nó feidhmchláir ar nós Instagram nó Messenger gur léir go n-úsáideann an spriocmhargadh iad. Is minic a bhíonn costas níos lú ag baint le seo ná an costas a bhaineann le meáin eile.<br>• Nuachtáin/irisí: é de bhua acu eolas mhionsonraithe a thabhairt ar féidir é a athléamh.<br>• Teilifís: margadh náisiúnta an-mhór Is féidir eolas mionsonraithe a chur in iúl le híomhánna agus le fuaim.<br>• Raidió: é níos saoire ná an teilifís agus éifeachtach ó thaobh eolas a thabhairt don lucht féachana áitiúil ar stáisiúin áitiúla.<br>• Pictiúrlann: lucht féachana áitiúil faoi chuing.<br>• Póstaeir agus cláir fhógraí: féadann siad a bheith mealltach in áiteanna poiblí.<br>• Post díreach/fógráin: is féidir iad a dhíriú ar chustaiméirí a cheannaíonn rudaí ón ngnólacht cheana féin. | **15m**<br><br>8m<br>(4 + 4)<br><br>7m<br>(4 + 3) |